Fear Lasta Lampaí

Ní raibh sé mór, an fear,
Níor dheas a bhí ach gránna,
Is cóip an bhaile mhóir
Ag fonóid faoi gan náire.
Ach ghluais gan mhairg fós
Is ar chuaillí chuaigh in airde*.
Ba dhraíodóir an fear beag
A raibh solas ina ghlaic,
É ag tabhairt na gile leis,
Ó lampa go lampa sráide.

- le Máirtín Ó Díreáin